C/2025/1677

13.3.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11734 – SQM / CODELCO / SQM SALAR JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1677)

1. An 3 Márta 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Corporación Nacional del Cobre de Chile ('Codelco') (an tSile), faoi rialú deiridh Stát na Sile,

— Sociedad Quimica y Minera de Chile SA ('SQM') (an tSile).

Gheobhaidh SQM agus Codelco rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar SQM Salar JV ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá SQM ag gabháil do na nithe seo a leanas a tháirgeadh agus a mhargú: (i) an litiam agus a chuid díorthach; (ii) an t-iaidín agus a chuid díorthach; (iii) cothú plandaí speisialtacht (leasacháin); (iv) potaisiam agus a chuid díorthach; agus (v) ceimiceáin thionsclaíocha,

— Is é príomhghníomhaíocht Codelco acmhainní mianadóireachta a thaiscéaladh, a fhorbairt agus a shaothrú, chomh maith len iad a phróiseáil, chun copar mínghlanta agus seachtháirgí a tháirgeadh, agus ansin iad a mhargú do thomhaltóirí ar fud an domhain.

3. Tá conradh ag SQM Salar JV le Rialtas na Sile maidir le léas agus téarmaí agus coinníollacha an tsaothrú litiam i Réileán Salainn Atacama go dtí an 31 Nollaig 2030. Mar thoradh air sin, beidh SQM Salar gníomhach i dtaiscéalaíocht, forbairt agus saothrú acmhainní mianadóireachta sa tSile.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11734 – SQM / CODELCO / SQM SALAR JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË